Faisnéis Ghinearálta Maidir le

PAITINNÍ i leith Aireagáin

Oifig Na bPaitinní
Patents Office

Clár

RÉAMHRÁ *4*

1. Céard is paitinn ann? *5*

2. Cé chomh fada agus a mhaireann paitinn? *5*

3. Cén fáth aireagáin a phaitinniú? *5*

4. Céard atá inphaitinnithe? *6*

5. Ábhair eisiata agus eisceachtaí don inphaitinníocht *6*

6. Cineálacha Paitinní *8*

7 Deimhniú Cosanta Forlíontach *9*

8 Cé ar féidir leo cuir isteach ar phaitinn *10*

9 Conas iarratas a chur isteach ar phaitinn *10*

10 Riachtanas íosta do dháta comhdaithe *10*

11 Gníomhairí Paitinne *11*

12 Leagan amach an iarratais phaitinne *11*

13 An tSonraíocht *11*

14 An Teideal *12*

15 An Tuairisc *12*

16 Na hÉilimh *12*

17 Na Líníochtaí *13*

18 An Coimriúchán *13*

19 Scóip an iarratais phaitinne *14*

20 Tosaíocht *14*

21 Éileamh ar thosaíocht *14*

22 Scrúdú *15*

23 Iarratas Roinnte ar Phaitinn *15*

24 Ar feitheamh paitinne *15*

25 Tuarascáil Chuardaigh / Fianaise Úrnuachta *15*

26 Foilsiú paitinne *17*

27 Iris Oifig na bPaitinní *17*

28 Cosaint na bPaitinní thar lear *18*

29 Coinbhinsiún um Phaitinní Eorpacha (CPE) *18*

30 An Conradh Comhoibriúcháin i dtaobh Paitinní (CCP) *20*

31 Iarratas ar thíortha eile, a cuireadh chuig gach Oifig Náisiúnta Paitinní ábhartha nó chuig Oifig na Maoine Tionscail. *21*

32 Cuardach Paitinne 21
33 Costais i dtaobh Paitinní 22
Scéim Cúnaimh i leith Aireagáin de chuid Enterprise Ireland 23
Faisnéis ar an Idirlíon i dtaobh Paitinní 24
Oifig na bPaitinní Éireannacha 24
Oifig Paitinne an Ríocht Aontaithe 24
An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO) 24
Oifig Paitinne na hÍsiltíre – Inneall cuardaigh PION (Clárú de dhíth) 24
Oifig Paitinne na Stáit Aontaithe, bunachar sonraí inchuardaithe 24
Oifig na bPaitinní Eorpacha 24

RÉAMHRÁ

Níl sé mar aidhm againn go mbeadh an fhaisnéis a fhaightear sa leabhrán seo iomlán cuimsitheach, ach amháin mar eolaí ginearálta; ní léirmhíniú dlíthiúil atá ann ar an reachtaíocht a bhaineann le Paitinní. D'fhéadfadh sé gur athraíodh cuid den fhaisnéis ó foilsíodh an leabhrán céanna.

Tugann sé achoimre ar fhorálacha agus ar riachtanais tábhachtacha áirithe de chud Acht na bPaitinní, 1992, agus de na Rialacha um Phaitinní, 1992, maidir le paitinní d'fháil agus i mbeagán focal tugtar achoimre ar iarratais Eorpacha agus Idirnáisiúnta ar phaitinní.

Ní dhéantar anailís ann ar gach gné den phróiseas paitinnithe ná plé ar fhorálacha dlíthiúla áirithe, a bhféadfadh éifeacht a bheith acu ar iarratas faoi leith. Mar a bhíonn le gach eolaí, tá gá le teoiric ghinearálta agus shimplithe a chuimsiú sa leabhrán, agus ní cheart amharc ar mar ionad don reachtaíocht féin.

Ní féidir le hOifig na bPaitinní tabhairt faoi iarratas ar phaitinn a ullmhú thar ceann an iarrthóra.

Ní féidir le foireann Oifig na bPaitinní tuairimí ná comhairle a thairiscint maidir le saincheisteanna mar luach tráchtála na n-aireagán, agus ní féidir leis an Oifig ach an oiread cúnamh airgeadais a thabhairt d'aireagóirí maidir le paitinniú nó forbairt aireagán.

Ba chóir go mbeadh aireagóirí ar an eolas go bhféadfadh aon nochtadh poiblí dá n-aireagáin roimh iarratas ar phaitinn a chur isteach dochar a dhéanamh don phróiseas maidir le paitinn bhailí a fháil.

Meitheamh 2005.

1. Céard is paitinn ann?

Deonann paitinn an ceart dá sealbhóir, do thréimhse teoranta, cosc a chur ar dhaoine eile an t-aireagán paitinnithe a shaothrú (amhail déanamh, úsáid, díol, allmhairiú), ach amháin le toiliú úinéara na paitinne.

Tá paitinn ina fhoirm 'maoine tionscail', ar féidir leis an úinéir a shannadh, a aistriú, a cheadúnú nó a úsáid.

Bíonn éifeacht dhúichíoch ag na paitinní m.sh. níl paitinn Éireannach ach bailí in Éirinn.

2. Cé chomh fada agus a mhaireann paitinn?

Bíonn saolré uasta de fiche bliain ag paitinní Éireannacha, mar atá i gcás an chuid is mó de dhlínsí eile. Tairgeann Éire paitinn "ghearrthéarmach" freisin, atá bailí do uastréimhse deich mbliana. Chun paitinn a choimeád in éifeacht, ní foláir táillí bliantúla athnuachana a íoc gach bliain ag tosú ón tríú bliain.

3. Cén fáth aireagáin a phaitinniú?

Os rud é go ndeonaíonn paitinn cearta dlíthiúla a bhaineann le saothrú aireagáin, tairgeann sí an deis is fearr don úinéir chun brabús a dhéanamh as an aireagán trí chosc a chur ar dhaoine eile é a chóipeáil. Ní gá go mbeadh paitinn ag aireagóir chun aireagán a shaothrú; ach mura bhfuil paitinn ag an aireagóir ní féidir leis nó léi cosc a chur ar dhaoine eile an t-aireagán céanna a chóipeáil.

Is minic nach mbíonn aireagóirí in acmhainn a n-aireagán féin a tháirgeadh nó a chur ar an margadh. Soláthraíonn paitinní, os rud é gur foirm iad de mhaoin tráchtála, bonn d'úinéirí as ar féidir leo dul chun margadh le hinfheisteoirí féideartha nó le comhpháirtithe gnó eile agus ag am céanna ag caomhnú a gcearta i leith maoin intleachtúil.

Cuidíonn an t-ionchas maidir le brabús a ghnóthú ón bhfoirm speisialta cosanta seo le gníomhaíocht taighde a chur chun cinn agus le dreasacht a thabhairt d'infheistíocht nua. D'fhéadfadh go mbeadh ioncam a thagann ó aireagán paitinnithe a forbraíodh in Éirinn incháilithe do chóiriú speisialta fabhrach cánach.

4. Céard atá inphaitinnithe?

Chun go mbeidh aireagán incháilithe do dheonú paitinne bailí ní foláir dó a bheith nua, baint a bheith aige le céim nuálaíoch agus a bheith infheidhmithe ar bhonn tionsclaíoch.

- Úrnuacht: Meastar go bhfuil aireagán nua sa chás nach bhfuil sé ina pháirt den dearadh is déanaí. Cuimsítear sa dearadh is déanaí gach rud a chuirtear ar fáil go poiblí in aon slí, aon áit ar domhan, roimh an dáta a comhdaíodh an t-iarratas ar phaitinn.
- Céim nuálaíoch: Meastar go bhfuil baint ag aireagán le céim nuálaíoch sa chás nach bhfuil sé soiléir do dhuine atá oilte sa réimse sin den teicneolaíocht, ag cur an dearadh is déanaí san áireamh.
- Infheidhmíocht tionsclaíoch: Ní mór gur féidir an t-aireagán a dhéanamh nó a úsáid i dtionscal éigin, talmhaíocht san áireamh.

5. Ábhair eisiata agus eisceachtaí don inphaitinníocht

Níl gach aireagán incháilithe do dheonú paitinne. Eisiann Acht na bPaitinní go sonrach na hábhair seo a leanas ó inphaitinníocht:

(i) Fionnachtana agus cruthaíochtaí aeistéitiúla:

(a) fionnachtain, teoiric eolaíochta nó modh matamaiticiúil;
(b) cruthaíocht aeistéitiúil;
(c) scéim, riail nó modh d'fheidhmiú gnímh intinne, d’imirt cluiche nó do dhéanamh gnó, nó ríomhchlár; nó
(d) tíolacadh faisnéise.

Cé nach bhfuil ábhair nó gníomhaíochtaí den tsaghas sin inphaitinnithe d’fhéadfadh a n-úsáid nó a bhfeidhmiú a bheith inphaitinnithe. Mar shampla, níl scéim nó modh chun cluiche a imirt inphaitinnithe, ach is féidir cosaint phaitinne a fháil do ghaireas úrnua d’imirt cluiche. Ar an gcaoi chéanna, ní chiallaíonn eisiamh na ríomhchlár ó inphaitinníocht nár féidir paitinní a dheonú d’aireagáin a bhaineann úsáid as cláir den tsaghas sin, chomh fada agus a bhaintear amach éifeacht theicniúil trína chur i ngníomh.

Bogearraí

Cé nár féidir paitinn a fháil i leith na bogearraí féin, féadfar paitinní a dheonú d'aireagáin a úsáideann bogearraí chun a gcuspóir a bhaint amach. Tá seo coinníollach, áfach, ar "éifeacht theicniúil" a bheith ag na bogearraí nuair a ritear an clár. D'fhéadfaí éifeacht dá leithéid, mar shampla, a fháil i rialú próisis tionsclaíche nó i bhfeidhmiú inmheánach an ríomhaire féin.

(ii) Modhanna cóireála leighis agus tréidliachta:

Níl modhanna cóireála do chorp duine nó ainmhí nó modhanna teiripe agus diagnóiseacha a chleachtar ar chorp duine nó ainmhí inphaitinnithe.
Ní théann an t-eisiamh seo i bhfeidhm ar tháirgí, ar substaintí ná ar chomhshuímh a n-úsáidtear in aon cheann de na modhanna seo, i. cógais nó uirlisí máinliachta.

(iii) Éagsúlachtaí plandaí agus ainmhithe nó próisis atá bitheolaíoch go bunúsach dá dtáirgeadh.

Féadfar éagsúlachtaí plandaí a chaomhnú trí bhealaí eile, mar shampla tríd Oifig an Rialaitheora Cearta do Phóraitheoirí Plandaí*. É sin ráite, más rud é go mbaineann an t-aireagán le plandaí agus ainmhithe agus mura bhfuil féidearthacht theicniúil an aireagáin srianta ar éagsúlacht phlanda nó ainmhí amháin, d'fhéadfadh go mbeadh an t-aireagán inphaitinnithe.

(iv) Aireagáin lena mbeadh a bhfoilsiú nó a saothrú contrártha don ord poiblí nó don mhoráltacht phoiblí.

Tá an t-eisiamh seo faoi réir ag an gcoinníoll nach meastar go bhfuil saothrú aireagán den tsaghas sin contrártha díreach toisc go bhfuil toirmeasc air de réir an dlí.

*Fonóta

Oifig an Rialaitheora Cearta do Phóraitheoirí Plandaí
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Tuaithe
Backweston
Léim an Bhradáin
Co. Chill Dara
Teil: 353 1 6280608

6. Cineálacha Paitinní

Tá dhá chineál paitinne Éireannaí ar fáil

(1) Paitinní do théarma iomlán

Tugann na paitinní seo cosaint don aireagóir/iarrthóir do uastréimhse 20 bliain. Chun gur féidir paitinn do théarma iomlán a dheonú, **ní foláir** don iarrthóir fianaise úrnuachta a sholáthar ar an aireagán. Féadfar seo a dhéanamh trí "Tuarascáil Chuardaigh" a iarraidh ón Oifig, nó trí fhianaise úrnuachta a chur faoina bráid. (déantar cur síos níos mion ar seo níos déanaí sa leabhrán)

(2) Paitinní gearrthéarmacha:

Ceapadh na paitinní gearrthéarmacha chun freastal a dhéanamh ar aireagóirí níos lú. D'fhéadfadh na paitinní seo a bheith oiriúnach freisin d'aireagáin sa chás go bhfuil súil le saolré margaidh níos giorra, nó d'aireagáin nach bhfuil casta go teicneolaíoch.
Maireann na paitinní seo d'uastréimhse deich mbliana, agus níl dualgas ar an iarrthóir fianaise úrnuachta a sholáthar ar an aireagán. Laghdaíonn sé seo, le héifeacht, na costais agus an t-achar ama a bhaineann le haireagán a phaitinniú.

I ngeall go bhfuil na nósanna imeachta níos simplí i gcoitinne, is féidir paitinní gearrthéarmacha a dheonú laistigh d'achar ama níos giorra agus cinnte laistigh den 12 mhí ón dáta comhdaithe má chomhlíontar na riachtanais go pras. Sa chás go ndéantar iarratas ar phaitinn ghearrthéarmach agus ar phaitinn do théarma iomlán maidir leis an aireagán céanna, éireoidh an phaitinn ghearrthéarmach neamhnithe sa chás go ndeonaítear paitinn do théarma iomlán.

Ach amháin i gcás roinnt eisceachtaí, téann na forálacha a bhaineann le hiarratais agus le paitinní do théarma iomlán i bhfeidhm freisin ar iarratais agus ar phaitinní gearrthéarmacha. Is iad na príomheisceachtaí ná:

(i) Ní féidir sa bhreis ar chúig éileamh a chuimsiú sa tsonraíocht d'iarratas ar phaitinn ghearrthéarmach. Tá na riachtanais maidir le hinfheidhmíocht úrnuachta agus tionsclaíoch i bhfeidhm ach in ionad na neamhshoiléireachta, is leor nach mbeadh an t-aireagán "easpach go soiléir i gcéim nuálaíoch". Níl gá le Tuarascáil Chuardaigh ná le fianaise úrnuachta i bhfoirm sonraíochta do phaitinn eachtrannach mar a phléitear in alt (**25**) chun gur féidir paitinn ghearrthéarmach a dheonú.

(ii) Níl na táillí i leith comhdú, deonú nó athnuachan ach ionann le 50% de na táillí do phaitinn do théarma iomlán; agus bíonn na nósanna imeachta níos simplí de ghnáth. Beidh sé seo suimiúil ach go háirithe d'fhiontair bheaga agus d'aireagóirí aonaracha.

(iii) Féadfar imeachtaí sáraithe a thionscnamh sa Chúirt Chuarda (nó san Ard-Chúirt, mar atá riachtanach do phaitinní do théarma iomlán) gan bacadh le suim an éilimh.

(iv) Sula tionscnaítear gníomh sáraithe ní mór d'úinéir na paitinne gearrthéarma (a) iarraidh ar an Rialaitheoir 'Tuarascáil Chuardaigh' a ullmhú agus cóip den tuarascáil a chur chuig an sáraitheoir líomhanta nó (b) sa chás go bhfuil Tuarascáil Chuardaigh nó sonraíocht phaitinne eachtrannach ar fáil (mar a phléitear in alt **25**), cóipeanna de na tuarascálacha sin a chur faoi bhráid an Rialaitheora maraon le faoi bhráid an sáraitheora líomhanta. Déanann an Rialaitheoir na tuarascálacha dá ndéantar tagairt in (a) nó (b) a fhoilsiú.

(v) féadfaidh duine eile seachas úinéir na paitinne gearrthéarma agus a bhfuil cuardach úrnuachta ag teastáil dá leasa dlisteanacha gnó agus ar féidir leis nó léi cúinsí a léiriú do bheith san amhras faoinar bhfuil an t-aireagán easpach go húrnuachta nó go bhfuil easpa soiléir ann i gcéim nuálaíoch iarraidh ar an Rialaitheoir Tuarascáil Chuardaigh a ullmhú. Déanann an Rialaitheoir tuarascáil dá leithéid a fhoilsiú.

7 Deimhniú Cosanta Forlíontach

Féadfar deimhniú cosanta forlíontach (DCF) a fháil maidir le táirgí indibhidiúla cosanta leighis agus plandaí a nochtar sa phaitinn. Fadaíonn an deimhniú seo an chosaint a thugann an phaitinn thar an téarma 20 bliain do thréimhse go dtí cúig bliana.

Bíonn údarú margaidh ag teastáil do tháirgí leighis, agus don a lán ceimiceán talmhaíochta, sular féidir iad a dhíol ar bhonn tráchtála. Cé nach bhfuil an próiseas seo spleách ar an nós imeachta do dheonú paitinne, d'fhéadfadh úinéir na n-aireagán seo a fháil amach, cé go bhfuil paitinn acu dá dtáirge, nárbh fholáir dóibh fanacht cúpla bliain eile sula bhfaigheann siad an t-údarú riachtanach chun é a chur ar an margadh. Tugann na DCFanna cúiteamh don sealbhóir paitinne as an gcaillteanas ama seo, trí an chosaint phaitinne a fhadú *do tháirgí áirithe* do thréimhse suas le cúig bliana.

Ní fhadaíonn an DCF saolré na paitinne féin, ach amháin an chosaint don táirge áirithe sin atá faoi réir ag an údarú margaidh.

8 Cé ar féidir leo cuir isteach ar phaitinn

Féadfaidh aon duine iarratas a chur isteach ar phaitinn; is leis an aireagóir nó le comharba teidil an aireagóra an phaitinn. Sa chás go ndéanann fostaí aireagán, áfach, le linn dó nó di a bheith i bhfostaíocht d'fhéadfadh an cead ar an bpaitinn a bheith i seilbh an fhostóra. Féadfaidh comhiarrthóirí iarratas a chur isteach freisin.

9 Conas iarratas a chur isteach ar phaitinn

Tá iarratas ar phaitinn comhdhéanta as:

- iarratas ar dheonú paitinne (tá comhlánú an fhoirm iarratais Uimh. 1 leordhóthanach chun an riachtanas seo a chomhlíonadh).

- sonraíocht ina bhfuil miontuairisc ar an aireagán, éileamh amháin nó níos mó a shainmhíníonn an t-ábhar dá bhfuil cosaint á iarraidh dó agus aon líníocht atá riachtanach don nochtadh.

- coimriúchán ina dtugtar achoimre ar an ábhar a chuimsítear sa tsonraíocht.

Ní foláir an táille iarratais chuí a chur isteach leis an iarratas.

10 Riachtanas íosta do dháta comhdaithe

Is féidir dáta comhdaithe a chinntiú gan iarratas ar phaitinn atá comhlánaithe go hiomlán, chomh fada agus a chuirtear isteach na nithe seo a leanas:

- Comhartha go bhfuil paitinn á lorg
- Faisnéis aitheantais an iarrthóra
- Tuairisc ar an aireagán, agus
- An táille fhorordaithe

Ní mór iarratas a dhéantar sa tslí seo a leanacht le hiarratas foirmiúil comhlánaithe mar a thugtar le fios in alt 9 thuas agus níl cead aon ábhar breise a chur leis an iarratas thar na hábhair sin a cuimsíodh sa chéad chomhdú.

Mura gcomhlíonann iarratas ar phaitinn riachtanas de chuid an Achta nó na Rialacha tugtar an deis don iarrthóir an riachtanas sin a chomhlíonadh laistigh de theorainneacha ama faoi leith m.sh. forordaítear tréimhse 12 mhí ón dáta a comhdaíodh an t-iarratas (nó más rud é gur éilíodh tosaíocht, ón dáta tosaíochta) do chomhdú na n-éileamh agus an choimriúcháin.

Is é an toradh mura ndéantar de réir na dteorainneacha ama ná go bhféadfaí an t-iarratas a dhiúltú nó a mheas a bheith tarraingthe siar. Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil teorainneacha áirithe ama daingean.

11 Gníomhairí Paitinne

Chun gur féidir a bheith cláraithe i gclár na ngníomhairí paitinne arna choimeád ag an Rialaitheoir ní mór do dhuine na cáilíochtaí oideachais agus gairmiúla forordaithe a bheith ina seilbh agus coinníollacha áirithe eile a chomhlíonadh. Ní féidir le hOifig na bPaitinní comhairle a thabhairt d'iarrthóirí maidir leis an rogha gníomhaire, ach molann an oifig úsáid a bhaint as ghníomhaire paitinne. Tá liosta de na gníomhairí paitinne atá cláraithe le fáil ar shuíomh gréasáin Oifig na bPaitinní (**www.patentsoffice.ie**) nó ar iarratas ón oifig.

Tá dlí agus cleachtas na paitinne, maraon le dréachtadh sonraíochta, a thugann cur síos ar aireagán, ina n-ábhair chasta dá gcomhairlítear cuidiú ó ghníomhaire paitinne ach amháin sa chás go bhfuil sainoiliúint ag an iarrthóir sa réimse seo. Cinntíonn clár na sonraíochta cibé ar féidir paitinn a dheonú agus scóip agus bailíocht na paitinne a dheonaítear. Eagraíonn an gníomhaire paitinne freisin iarratais le comhdú thar lear agus soláthraíonn sé nó sí comhairle ar ábhair a bhaineann le saothrú tráchtála aireagáin. Féadfar an t-aireagán a phlé go hoscailte leis an ngníomhaire paitinne mar go mbeidh an nochtadh faoi rún.

Tá sé ina oibleagáid faoi láthair ar iarrthóirí agus ar dhaoine a bhfuil baint acu le himeachtaí os comhair an Rialaitheora agus gan cónaitheacht nó príomháit ghnó acu sa Stát gníomhaire paitinne a cheapadh chun gníomhú thar a gceann. Tá sé de dhualgas ar gach iarrthóir, cibé ina gcónaí sa stát nó nach bhfuil, seirbhísí de chuid ghníomhaire a úsáid i ndáil le hábhair áirithe (den chuid is mó maidir le leasú ar shonraíochtaí tar éis bunú na tuarascála cuardaigh nó tar éis fianaise úrnuachta a chur isteach).

Sa chás go n-ainmníonn iarrthóir gníomhaire paitinne, ba chóir gach fiosrúchán a stiúradh chuig an ngníomhaire sin agus beidh gach cumarsáid oifigiúil ó Oifig na bPaitinní déanta leis an ngníomhaire ainmnithe.

12 Leagan amach an iarratais phaitinne

Tá iarratas ar phaitinn déanta suas as foirm chomhlánaithe dar teideal "Iarratas ar Dheonú Paitinne" (Foirm Uimh. 1) de Sceideal II de na Rialacha um Phaitinní 1992 maraon le sonraíocht.

13 An tSonraíocht

Ba chóir don tsonraíocht a bheith déanta de réir riachtanais Acht na bPaitinní 1992 agus na Rialacha um Phaitinní 1992, clóscríofa nó priontáilte ar

leathanaigh A4 aonaghaidh le himill de 2 go 3 ceintiméadar. Ba chóir do na himill seo a bheith folamh, agus gach leathanach a bheith uimhrithe. **Ní foláir dhá chóip den tsonraíocht a chur isteach.**

Soláthraíonn an tsonraíocht an fhaisnéis theicniúil faoin aireagán, maraon lena shainmhíniú dlíthiúil. Tá an tsonraíocht roinnte ina cheithre chuid, a thugtar san ord inar chóir dóibh a bheith san iarratas:

(1) an teideal,
(2) tuairisc ar an aireagán,
(3) éilimh, agus
(4) líníochtaí, más ábhartha don iarratas.

14 An Teideal

Seo an chéad chuid den tsonraíocht. Ba chóir dó a bheith gairid, ach ní mór dó an t-ábhar lena mbaineann an t-aireagán a thabhairt le fios go soiléir. Ba chóir don teideal céanna a bheith le feiscint ar an tsonraíocht agus ar an bhfoirm iarratais don deonú paitinne.

15 An Tuairisc

Tagann an tuairisc díreach i ndiaidh an teidil. Is míniú mionchruinn é ar an aireagán. Ba chóir gach faisnéis ábhartha a chuimsiú ann. Ní mór dó a bheith soiléir agus iomlán go leor ionas go bhféadfadh daoine eile é a thuiscint; mar a bheadh duine atá measartha oilte san ealaín chéanna ábalta an t-aireagán a mhacasamhlú go hiomlán gan aon riachtanas le sonraí breise.

Ba chóir don tuairisc cúlra an aireagáin a leagan síos agus aon fhadhb áirithe a réitíonn an t-aireagán a mhíniú, maraon le sin a dhéanann sé.

Tabhair faoi deara ach go háirithe nár féidir faisnéis bhreise a chur leis ná an tuairisc a leathnú tar éis duit an t-iarratas a chomhdú.

Ní féidir dáta comhdaithe a chinntiú sa chás nár fuarthas tuairisc ar an aireagán atá mar ábhar don iarratas ar dheonú paitinne.

16 Na hÉilimh

Sainmhíníonn na héilimh, a leanann an tuairisc, scóip an aireagáin agus an chosaint dhlíthiúil a thugann an phaitinn dheonaithe.

Ní foláir do na héilimh an t-ábhar dá bhfuil cosaint á lorg a shainmhíniú maidir lena ghnéithe teicniúla. Ní mór dóibh a bheith soiléir agus cruinn agus go dtacaíonn an tuairisc leo.

Tá dhá chineál éileamh ann, neamhspleách agus spleách. Sainmhíníonn éileamh neamhspleách samhail aireagáin, ina gcuimsítear a ghnéithe riachtanacha uile. Sainmhíníonn éileamh spleách samhlacha breise atá mar

thréithe ag gnéithe nó comhpháirteanna inmhianta, ach nach bhfuil riachtanach. Tá na héilimh seo spleách ar an éileamh neamhspleách a thugann an t-aireagán bunaidh.

Níl cead ag na héilimh tuairimíocht a dhéanamh ar bhuntáistí an aireagáin a thugtar faoi deara, ach iad féin a shrianadh ar shamhlacha agus ar ghnéithe teicniúla. Féadfar buntáistí an aireagáin a imlíniú sa tuairisc.

Níl cead éilimh neamhspleácha atá i gcatagóirí difriúla a chuimsiú sa tsonraíocht, m.sh., do gach aon cheann de tháirge, an próiseas leis an táirge a dhéanamh, agus gaireas oiriúnaithe go speisialta a úsáidtear sa phróiseas sin. Ní foláir baint a bheith ag gach éileamh neamhspleách áfach leis an mbunchoincheap airgtheach céanna chun aontacht an aireagáin a chinntiú.

Sa chás go bhfuil níos mó ná éileamh amháin ann, ba chóir iad a bheith uimhrithe go leantach.

Mura gcomhdaítear na héilimh leis an iarratas **ní foláir** iad a chomhdú laistigh de 12 mhí ón dáta comhdaithe nó, sa chás go ndearnadh éileamh ar thosaíocht, laistigh de 12 mhí ón dáta tosaíochta.

17 Na Líníochtaí

Níl na líníochtaí éigeantach. É sin ráite, is minic go mbíonn fiúntas mór ag baint le dea-líníocht (nó grúpa líníochtaí) chun an cineál aireagáin a shoiléiriú. Dá bhrí sin, is féidir líníochtaí a chur isteach leis an tsonraíocht; má dhéantar amhlaidh ní mór iad a lua i dtéacs na tuairisce. Ní foláir iad a bheith soiléir agus inléite gan aon téacs coimhthíoch. Ba chóir na líníochtaí a chomhdú ag an am céanna leis an gcuid eile den tsonraíocht. Bíonn impleachtaí do dháta comhdaithe an iarratais ag comhdú déanach líníochtaí. Tabhair faoi deara le do thoil go n-áirítear na foirmlí ceimiceacha sa tuairisc de ghnáth.

18 An Coimriúchán

Chomh maith leis an tsonraíocht, féadfaidh an t-iarrthóir coimriúchán a chur isteach freisin. Is achoimre gonta é seo ar an aireagán. Ba chóir an coimriúchán a chlóscríobh ar bhileog páipéir A4 ar leith agus ní mór tosú le teideal an aireagáin mar a fhaightear sa tsonraíocht agus san iarratas ar dheonú paitinne. Ba chóir gnéithe riachtanacha an aireagáin a chur san áireamh agus gan dul thar 150 focal go hidéalach.
Ní foláir an coimriúchán, mar atá i gcás na n-éileamh, a chomhdú laistigh de 12 mhí ó dháta comhdaithe an iarratais (nó dáta tosaíochta más rud é gur éilíodh é) sa chás nár comhdaíodh é in éineacht leis an iarratas. Ní áirítear na coimriúcháin mar chuid den tsonraíocht féin, agus ní úsáidtear iad chun an scóip chosanta atá á lorg a léirmhíniú. Nó ba chóir a rá, go soláthraíonn siad achoimre theicniúil ar an aireagán do chríocha cartlainne agus aisghabhála, sa tslí sin ag cuidiú le tríú páirtithe maidir lena chinntiú faoinar bhféadfadh an t-iarratas a bheith ina leas dóibh ar an iomlán.

19 Scóip an iarratais phaitinne

Chomh luath agus a chomhdaítear an t-iarratas, níl cead an tsonraíocht a leasú in aon slí a fhadaíonn scóip an ábhair. Cé gur féidir an tsonraíocht a chur in eagar – mar mhaithe le rud éigin a bhí ann ó thús a chur in iúl i slí níos fearr, nó ábhar nach mian leis an iarrthóir a bheith mar chuid den aireagán cosanta a thuilleadh a bhaint as - diúltófar le haon rud breise a chuirfidh leis an gcomhdú bunaidh i slí ábhartha.

Chun cuidiú le hiarrthóirí sa phróiseas maidir lena gcuid sonraíochtaí paitinne a dhréachtadh, tá cóipeanna de shonraíochtaí agus de choimriúcháin ó réimse disciplíní teicniúla le fáil ar shuíomh gréasáin Oifig na bPaitinní (**www.patentsoffice.ie**).

20 Tosaíocht

Sa chás gur comhdaíodh iarratas maidir leis an aireagán céanna suas go tréimhse 12 mhí níos luaithe in Éirinn, in Oifig na bPaitinní Eorpacha nó i dtír atá faoi chomaoin ag Coinbhinsiún Pháras chun Maoin Tionscail a Chosaint, iompaítear dáta comhdaithe an iarratais is luaithe i “ndáta tosaíochta” an iarratais nua.

Tugann an tréimhse seo de 12 mhí am don iarrthóir ar phaitinn, tar éis dó nó di dáta comhdaithe a chinntiú dá n-aireagán i ndlínse amháin, a margadh tráchtála féideartha a mheas, leanacht le forbairt an aireagáin agus cinneadh a thógáil maidir leis na tíortha inar chóir cosaint a lorg gan a gcearta tosaíochta a chailliúint. Sa chás go raibh níos mó ná comhdú amháin níos luaithe déanta (m.sh. sa chás go ndearnadh iarratas sa Ríocht Aontaithe agus sa Ghearmáin maidir leis an aireagán céanna) d’fhéadfadh níos mó ná dáta tosaíochta amháin a eascair as seo maidir le hiarratas Éireannach a rinneadh dá éis; é sin ráite, ritheann teorainneacha ama a thosaítear ag rith ón dáta tosaíochta ón dáta tosaíochta is luaithe den tsaghas sin.

Is é an phríomhéifeacht atá leis an gceart tosaíochta ná go n-amharctar ar dháta comhdaithe an chéad iarratais mar an dáta óna ndéantar an dearadh is déanaí a mheas maidir leis an iarratas; agus sa chás go ndéanann beirt duine nó níos mó aireagán go neamhspleách, bíonn an ceart ar phaitinn i seilbh an duine gur leis nó léi an dáta comhdaithe nó an dáta tosaíochta éilithe is luaithe.

21 Éileamh ar thosaíocht

Ní foláir aon éileamh ar thosaíocht a dhéanamh san iarratas ar dheonú paitinne (Foirm Uimh. 1) ag lua an dáta comhdaithe, an tír agus uimhir chomhdaithe an tseaniarratais. **Ní foláir** cóip dheimhnithe den iarratas a rinneadh roimhe sin a sholáthar laistigh de 16 mhí ón dáta tosaíochta is luaithe, sa chás gur iarratas eachtrannach a bhí ann. Ba chóir an chóip dheimhnithe seo a fháil ón Oifig thar lear inar ndearnadh an t-iarratas níos luaithe.

Sa chás go mbunaítear an t-éileamh ar thosaíocht ar iarratas Éireannach a rinneadh roimhe sin, féadfaidh an t-iarrthóir, in ionad cóip dheimhnithe a chur isteach, iarratas a dhéanamh ar chóip dá leithéid a áireamh lena n-iarratas. Sa chás seo déanfaidh Oifig na bPaitinní a shocrú go gceanglófar cóip den iarratas a rinneadh roimhe sin leis an iarratas nua, ar íocadh na táille forordaithe.

22 Scrúdú

Sa chás nach gcomhlíonann iarratas ar phaitinn riachtanas an Achta nó na Rialacha tugtar an deis don iarrthóir an riachtanas sin a chomhlíonadh. Sa chás nach bhfuil aon riachtanas gan comhlíonadh ann iarrfar ar an iarrthóir an táille a íoc do dheonú na paitinne dá éis a eisítear deimhniú ar dheonú.

23 Iarratas Roinnte ar Phaitinn

Deirtear i gcás iarratais a nochtann níos mó ná aireagán amháin go bhfuileadar easpach in “aontacht an aireagáin”. Sa chás go dtarlaíonn amhlaidh, ní mór don iarrthóir fáil réidh le haon ábhar nach mbaineann leis an gcéad aireagán. Féadfar, áfach, ábhar den tsaghas sin a “roinnt” in iarratais nua ar phaitinní do gach aon cheann de na haireagáin sin. Coimeádtar dáta comhdaithe an iarratais bhunaidh ar na “hiarratais roinnte” seo, ach seachas sin déantar iad a scrúdú mar iarratais ar leith.

24 Ar feitheamh paitinne

Seo téarma a úsáidtear go minic ar tháirgí chun iomaitheoirí a chur ar an airdeall go bhfuil iarratas déanta chun an t-aireagán atá i gceist a chosaint.

25 Tuarascáil Chuardaigh / Fianaise Úrnuachta

Chun gur féidir paitinn do théarma iomlán a dheonú, ní foláir úrnuacht agus neamhshoiléireacht an aireagáin a chinntiú. Tá dhá bhealach ann chun é seo a bhaint amach; trí Thuarascáil Chuardaigh, nó trí sholáthar Fianaise Úrnuachta.

Tuarascáil Chuardaigh

Ní foláir don iarrthóir iarratas a dhéanamh ar Thuarascáil Chuardaigh chun úrnuacht agus neamhshoiléireacht aireagán an iarratais phaitinne a chinntiú. Ní mór don iarrthóir é seo a iarraidh laistigh de 21 mí ó dháta comhdaithe an

iarratais nó ón dáta tosaíochta, sa chás gur éilíodh tosaíocht. Mura ndéantar amhlaidh, déanfar an t-iarratas a dhiúltú. Déanfaidh an Rialaitheoir, ar an iarratas seo d'fháil i dteannta na táille forordaithe, Tuarascáil Chuardaigh a ullmhú i leith an aireagáin.

Liostóidh an Tuarascáil Chuardaigh cáipéisí foilsithe a mheastar a bheith ábhartha maidir le measúnú a dhéanamh faoinar bhfuil an t-aireagán arna éileamh ina aireagán nua agus nach forbairt nó oiriúnú soiléir é ar sin atá ar eolas cheana. Déanfar cóip den tuarascáil chuardaigh a eisiúint don iarrthóir. Ach amháin sa chás ina dtarraingítear siar an t-iarratas ar phaitinn laistigh de dhá mhí ó eisiúint na Tuarascála don iarrthóir, déanfaidh an Rialaitheoir an tuarascáil chéanna a fhoilsiú; ciallaíonn sé seo gur féidir le haon duine amharc ar an tuarascáil chuardaigh. D'fhéadfaí an t-iarratas a tharraingt siar sa chás go measann an t-iarrthóir, i bhfianaise na Tuarascála Cuardaigh, nárbh fhiú dul ar aghaidh níos faide leis an iarratas ar phaitinn. Mura dtarraingítear siar an t-iarratas ar phaitinn beidh ar an ngníomhaire paitinne atá ag gníomhú thar ceann an iarrthóra leasuithe a dhéanamh ar an iarratas bunaithe ar an tuarascáil chuardaigh nó ráiteas a sholáthar ag rá nach meastar go bhfuil gá le leasú. Mura gcomhlíontar na riachtanais seo d'fhéadfaí an t-iarratas a dhiúltú.

Fianaise Úrnuachta

Tá rogha eile ann áfach in ionad iarratas ar ullmhú Tuarascála Cuardaigh a chur faoi bhráid an Rialaitheora. Féadfaidh iarrthóir a chuir iarratas isteach ar phaitinn don aireagán céanna in Oifigí na bPaitinní sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin nó in Oifig na bPaitinní Eorpacha, nó a chuir iarratas isteach faoin gConradh Comhoibriúcháin i dtaobh Paitinní ráiteas a chur isteach chun na fírinne sin; **ní foláir** an ráiteas a chur isteach laistigh de 21 mí ó dháta comhdaithe an iarratais nó ón dáta tosaíochta a éilíodh. Sa chás seo, féadfar cóip den Tuarascáil Chuardaigh a ullmhaíodh maidir leis an iarratas eachtrannach, nó cóip de shonraíocht fhoilsithe na paitinne a dheonaigh Oifig na bPaitinní sa Ríocht Aontaithe, sa Ghearmáin nó Oifig na bPaitinní Eorpacha a chur faoi bhráid an Rialaitheora mar fhianaise úrnuachta agus ní foláir don iarrthóir í a thaispeáint laistigh de dhá mhí ó fhoilsiú na tuarascála cuardaigh nó ó dheonú na paitinne, in éineacht leis an táille fhorordaithe.

Déanfar fianaise úrnuachta a fhoilsiú ach amháin sa chás ina dtarraingítear siar an t-iarratas.

Mura dtarraingítear siar an t-iarratas ar phaitinn beidh ar an ngníomhaire paitinne atá ag gníomhú thar ceann an iarrthóra leasuithe a dhéanamh ar an iarratas i bhfianaise na Tuarascála Cuardaigh nó na sonraíochta paitinne (cibé atá cuí sa chás áirithe) nó ráiteas a sholáthar ag rá nach meastar go bhfuil gá le leasú. Mura gcomhlíontar an riachtanas seo d'fhéadfaí an t-iarratas a dhiúltú.

(Ní théann na nósanna imeachta a bhaineann le tuarascáil chuardaigh/fianaise úrnuachta i bhfeidhm ar iarratais ar phaitinní gearrthéarmacha)

26 Foilsiú paitinne

Foilsítear iarratas ar phaitinn, sé sin go mbíonn cáipéisí áirithe a bhaineann leis an iarratas oscailte d'imscrúdú poiblí, chomh luath is atá indéanta tar éis tréimhse 18 mí ón dáta comhdaithe (nó ón dáta tosaíochta más ann dó), ach amháin sa chás gur diúltaíodh nó gur tarraingíodh siar é ar deireadh roimh fhoirceannadh na n-ullmhaithe teicniúla don fhoilsiú.

D'fhéadfaí é a fhoilsiú áfach níos luaithe ar iarraidh ón iarrthóra. Fógraítear foilsiú an iarratais in Iris Oifig na bPaitinní. Tá cóipeanna de na hiarratais atá foilsithe ar fáil d'aon duine ar mhian leis nó léi iad a scrúdú nó a cheannach.

27 Iris Oifig na bPaitinní

Foilsíonn an Oifig Iris Oifig na bPaitinní ar bhonn coicíse; foilsítear í ar an gCéadaoin de ghnáth. Tá an Iris roinnte ina dhá chuid.

Baineann Cuid 1 le paitinní agus dearaidh agus cuimsíonn sí faisnéis faoi cheannteidil ar leith, lena n-áirítear,

- Iarratais ar phaitinn a comhdaíodh
- Iarratais a foilsíodh
- Iarratais a deonaíodh
- Paitinní Eorpacha a deonaíodh ina sainíodh an Stát
- Iarratais atá as feidhm
- Iarratais a tarraingíodh siar, nó a mheastar a bheith tarraingthe siar nó a diúltaíodh.
- Paitinní atá sa feidhm
- Imeachtaí faoi Acht na bPaitinní, 1992
- Ábhair a bhaineann le Deimhnithe Cosanta Forlíontacha.

Cuimsítear i gCuid II den Iris faisnéis a bhaineann le trádmharcanna.

Soláthraíonn an Oifig leagan idirghníomhach, ar líne den Iris, lena n-áirítear áiseanna cuardaigh.

Féadfar na hIrisí a fheiceáil ar líne trí an suíomh gréasáin nó dul i gcomhairle leo ar iarratas ónár oifigí i gCill Chainnigh agus i mBaile Átha Cliath nó a cheannach go díreach ón Oifig nó ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais.

28 Cosaint na bPaitinní thar lear

Sa chás go bhfuil gá le cosaint paitinne lasmuigh de dhlínse na hÉireann, tá na roghanna seo a leanas ar fáil:

- Iarratas faoin “gCoinbhinsiún um an bPaitinn Eorpach”.
- Iarratas faoin “gConradh um Choinbhinsiún na bPaitinní”
- Iarratas a cuireadh chuig gach Oifig Náisiúnta Paitinní nó chuig oifig mhaoin Tionscail na Tíre ina bhfuil gá le cosaint.

29 Coinbhinsiún um Phaitinní Eorpacha (CPE)

Bunaíodh an Coinbhinsiún um Phaitinní Eorpacha (CPE) sa bhliain 1973 chun an comhoibriú idir na Stáit Eorpacha a neartú maidir le cosaint aireagán, faoi bhun an dlí a bhunaigh an coinbhinsiún agus Oifig na bPaitinní Eorpacha i München na Gearmáine do dheonú na bpaitinní Eorpacha de réir reachtaíocht an Choinbhinsiúin.

Ghlac Éire ballraíocht in Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha i mí Lúnasa 1992 tar éis di aontú leis an CPE.

Ní institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh í an Eagraíocht. Is eagraíocht idirnáisiúnta faoi leith í lena riarachán agus a ceanncheathrú féin lonnaithe i München.

Is é an príomhbhuntáiste agus cuspóir leis an CPE ná go ligean sé duit cearta paitinne a fháil in aon cheann nó níos mó de stáit chonraitheoireachta an CPE trí iarratas amháin a chruthú do phaitinní Eorpacha trí Oifig na bPaitinní Eorpacha. D’fhéadfadh sé seo a bheith ar phraghas i bhfad níos saoire ná trí iarratais éagsúla ‘náisiúnta’ a dhéanamh i ngach ceann de bhallstáit an CPE.

Agus é bunaithe ar iarratas amháin ar phaitinn deonaíonn Oifig na bPaitinní Eorpacha (OPE), i ndáiríre, “beart” de phaitinní náisiúnta maidir leis na Ballstáit conraitheoireachta sin a shainíonn an t-iarrthóir. Tá 31 ballstát conraitheoireachta ann ón Meitheamh 2005 i leith. Fad is atá an t-iarratas ar feitheamh, bíonn na táillí athnuachana iníoctha leis an OPE. Chomh luath agus a dheonófar an phaitinn, ní foláir na táillí athnuachana a íoc díreach leis na hOifigí Paitinní sna tíortha sainithe éagsúla.

Tá an éifeacht chéanna ag an bPaitinn Eorpach deonaithe agus atá ag an bpaitinn náisiúnta i ngach ceann de na tíortha sainithe. Tá an éifeacht chéanna ag Paitinn Eorpach ina bhfuil Éire sainithe ann agus a bheadh ag paitinn do théarma iomlán arna deonú ag an Rialaitheoir in Éirinn.

Féadfar iarratais ar phaitinn Eorpach a chomhdú le hOifig na bPaitinní in Éirinn nó díreach le hOifig na bPaitinní Eorpacha.

Seachadann Oifig na bPaitinní aon iarratas a fhaightear chuig an OPE agus níl aon dualgas uirthi scrúdú a dhéanamh ar an iarratas roimh é a sheachadadh. Ní gá táille seachadta a íoc leis an Oifig. Ní foláir don iarrthóir gach táille bhainteach a sheachadadh díreach chuig an OPE.

Féadfaidh iarratas Eorpach dáta tosaíochta iarratais de bhunús na hÉireann a éileamh a comhdaíodh suas le 12 mhí roimhe sin. Foilsítear an t-iarratas Eorpach 18 mí tar éis a dháta comhdaithe (nó tosaíochta). Cuireann an OPE cuardach úrnuachta i gcrích agus foilsítear an tuarascáil chuardaigh go comhuaineach leis an iarratas nó níos déanaí. Tá an rogha ag an iarrthóir ansin cinneadh a dhéanamh maidir le leanúint nó gan leanúint ar aghaidh lena (h)iarratas trí scrúdú ábhartha a iarraidh. Sa chás go gcomhdaítear an t-iarratas ar scrúdú déanann Rannán Scrúdaithe de chuid an OPE an tsonraíocht a scrúdú go mion chun a chinntiú faoinar gcomhlíonann an t-iarratas na riachtanais go léir. Tar éis an scrúdaithe seo deonaítear an Phaitinn Eorpach agus foilsítear sonraíocht na paitinne.

Féadfaidh aon duine, laistigh de thréimhse 9 mí ó dháta deonaithe na Paitinne Eorpaí, fógra a thabhairt don OPE maidir le cur in aghaidh dheonú na paitinne. Tá cinneadh an OPE maidir lenar chóir an phaitinn a choimeád, a leasú nó a chúlghairm bailí sna tíortha uile a sainíodh.

Sa chás go ndeonaítear Paitinn Eorpach ina bhfuil Éire sainithe ann, déanann an OPE na sonraí ábhartha a aistriú go dtí Oifig na bPaitinní in Éirinn. Sa chás nach gcomhdaítear sonraíocht na paitinne Eorpaí i mBéarla (ní mór d'iarratais ar phaitinní Eorpacha a bheith i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis), ní foláir aistriúchán Béarla a chomhdú, in éineacht leis an táille fhorordaithe, le hOifig na bPaitinní laistigh de 6 mhí ón dáta a foilsíodh deonú na Paitinne Eorpaí. Ní mheastar go bhfuil feidhm dhlíthiúil ag an bpaitinn in Éirinn mura gcomhdaítear an t-aistriúchán seo, agus measfar go bhfuil an phaitinn neamhnithe.

Tá an chumhacht ag an Rialaitheoir paitinn a deonaíodh faoi Acht na bPaitinní a chúlghairm má mheasann sé gur deonaíodh Paitinn Eorpach ina bhfuil Éire sainithe ann maidir leis an aireagán céanna, sa chás go bhfuil an dáta comhdaithe nó tosaíochta céanna acu agus gurb é an t-iarrthóir céanna atá i gceist.

Is féidir iarratas ar Phaitinn Eorpach a chomhdú go leictreonach leis an OPE.

Chun faisnéise bhreise a fháil, déan teagmháil le:

Oifig na bPaitinní Eorpacha
Erhardstrasse 27,
D-8000, München 2
An Ghearmáin
Suíomh gréasáin: www.european-patent-office.org

Tá na bróisiúir seo a leanas le fáil freisin ón OPE nó ó Oifig na bPaitinní:
"How to get a European Patent (Guide for applicants)"

“National Law relating to the EPC”

30 An Conradh Comhoibriúcháin i dtaobh Paitinní (CCP)

Bunaíodh an Conradh Comhoibriúcháin i dtaobh Paitinní (CCP) sa bhliain 1970. Déantar é a riaradh ag Biúró Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO) sa Ghinéiv. Dhaingnigh Éire an Conradh sa bhliain 1992.

Is é príomhchuspóir an Chonartha ná cuíchóiriú na nósanna imeachta maidir le comhdú agus le cuardach úrnuachta an iarratais ar phaitinn d’iarrthóirí ar mhian leo cosaint phaitinne a fháil i líon mór tíortha ar fud an domhain.

Soláthraíonn an CCP córas trínar féidir iarratas idirnáisiúnta amháin a dhéanamh do shainiú roinnt de na tíortha conraitheoireachta nó iad uile. Is é an t-údarás náisiúnta paitinne ábhartha deontóir na paitinne de ghnáth de bhun iarratais a comhdaíodh faoin gconradh seo.

Meastar go bhfuil iarratas CCP ar chosaint paitinne in Éirinn ionann le hiarratas ar phaitinn Eorpach d’Éirinn agus déanfar é a phróiseáil san OPE de réir an CPE (Coinbhinsiún um an bPaitinn Eorpach).

Féadfar iarratas ar phaitinn Éireannach faoi Acht na bPaitinní, 1992, a úsáid mar bhonn chun ‘tosaíocht’ a éileamh d’iarratais a comhdaíodh faoin CCP, ar choinníoll go ndearnadh na comhdaithe seo laistigh de 12 mhí ón dáta a comhdaíodh an t-iarratas Éireannach is luaithe don aireagán céanna.

Gníomhaíonn Oifig na bPaitinní mar oifig ghlacadóra d’iarratais CCP ó náisiúnaigh nó cónaitheoirí. Déanann an Oifig seiceáil riaracháin foirmeáltachta sula seachadtar an t-iarratas chuig an mBiúró Idirnáisiúnta. Glacann an Oifig le táillí áirithe a bhaineann le hiarratas Idirnáisiúnta CCP atá le seachadadh chuig an WIPO.

Is féidir iarratas CCP a chomhdú freisin go leictreonach ag úsáid bogearra comhdaithe leictreonach de chuid an WIPO, PCT-SAFE.

Tá breis faisnéise maidir le feidhmiú an CCP ar fáil ó:

- Suíomh gréasáin WIPO: www.wipo.org
- R-phost: pct.infoline@wipo.int
- An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO),
  34 Chemin des Colombettes,
  1211, An Ghinéiv 20
  An Eilvéis.
  Teil: 0041 223389352

Tá na bróisiúir seo a leanas le fáil ón WIPO.
“Basic Facts about the PCT”
“PCT Applicant’s Guide”

31 Iarratas ar thíortha eile, a cuireadh chuig gach Oifig Náisiúnta Paitinní ábhartha nó chuig Oifig na Maoine Tionscail.

Níl a leithéid de rud ann agus “Paitinn Dhomhanda”. Chun cosaint phaitinne a fháil i dtíortha eile tá sé riachtanach iarratas a dhéanamh ar phaitinn náisiúnta i ngach tír faoi leith dá bhfuil paitinn ag teastáil mura mbaintear úsáid as an rogha bealaí arna dtairiscint ag an CPE nó CCP.

Soláthraíonn suíomh gréasáin na hOifige naisc le go leor suímh gréasáin d’Oifigí Paitinne agus d’Oifigí Maoine Tionscail inar féidir leat faisnéis bhreise a fháil maidir leis na nósanna imeachta d’iarratais sna tíortha seo.

32 Cuardach Paitinne

Tá feidhm faoi dhó ag paitinní – cosaint a sholáthar d’aireagáin, agus scaipeadh faisnéise teicneolaíochta i measc an phobail i gcoitinne a chinntiú. Tá scaipeadh na faisnéise seo níos tábhachtaí fós nuair a mheastar go dtugann litríocht phaitinne cuntas ar bhreis is 80% den eolas teicniúil iomlán a fhoilsítear.

(i). Clár agus córas cuardaigh bhunachar sonraí ar líne de chuid Oifig na bPaitinní.

I 2003 sheol Oifig na bPaitinní a clár agus a cuardach sonraí ar líne, a cheadaíonn rochtain saor in aisce agus neamhtheoranta ar chlár agus ar bhunachair shonraí na hOifige.

Tugann an córas rochtain ar Chlár na bPaitinní agus ar Bhunachair Shonraí, ina bhfuil faisnéis mhionchruinn le fáil maidir leis na paitinní éagsúla a foilsíodh, agus an Bunachar Sonraí do Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha (DCF), a bhaineann go sonrach le hiarratais DCF.

Tugann an córas an deis d’úsáideoirí iontrálacha áirithe a aimsiú agus a bhrabhsáil go héasca. Nuashonraítear na cláir agus na bunachair shonraí ar líne ar bhonn laethúil, agus sa chaoi sin soláthraíonn siad rochtain idirlín ar stór forleathan sonraí a bhaineann le paitinní. Tá áiseanna nascleanúna cuimsithe sa chóras cuardaigh freisin maraon le roghchláir chabhracha chun treoir a thabhairt don úsáideoir.

Soláthraíonn an córas naisc áisiúla freisin le hoifigí áirithe paitinne Idirnáisiúnta mar Oifig na bPaitinní Eorpacha (OPE) agus an Eagraíocht Domhanda um Maoin Tionscail (WIPO). Éascaíonn na naisc seo rochtain ar líne saor in aisce do bhreis is 45 milliún cáipéis phaitinne, an méid is mó de dhoiciméadú paitinne atá ar fáil ar an idirlíon.

Cé go bhfuil gach iarracht déanta agus gach céim réasúnta tógtha ag an Oifig chun a chinntiú go bhfuil na sonraí atá sa chóras cuardaigh cruinn agus iontaofa, níor chóir dearmad a dhéanamh ach oiread gur áis í seo go bunúsach do chríocha faisnéise ginearálta amháin. Níor chóir brath air dá bhrí sin mar uirlis saorsheasaimh ná amharc air mar chóras cuardaigh iomlán cuimsitheach. Tugtar comhairle do na húsáideoirí, maidir lenár chóir dóibh cinntí gnó a thogáil atá bunaithe ar na cuardaigh seo amháin.

(ii). ESP@CENET

Chun rochtain saor in aisce ar fhaisnéis a bhaineann le paitinní a chur chun cinn, tháinig Oifig na bPaitinní Eorpacha (OPE), ballstáit Eagraíocht na bPaitinní Eorpacha agus an Coimisiún Eorpach le chéile chun an tseirbhís esp@cenet a sheoladh sa bhliain 1998.
Ceapadh esp@cenet go príomha don phobal i gcoitinne agus is í a príomhaidhm ná chun úsáideoirí nach bhfuil ina saineolaithe a sholáthar le foinse éasca faisnéise saor in aisce ó na hoifigí paitinne mórthimpeall an domhain, agus i gcásanna faoi leith a dhátaíonn siar go dtí 1920.
Soláthraíonn esp@cenet rochtain ar, go sonrach:

- Iarratais ar phaitinní a foilsíodh i mballstáit an OPE (Éire san áireamh).
- Iarratais ar phaitinní a d'fhoilsigh an OPE.
- Iarratais CCP (Conradh Comhoibriúcháin i dtaobh Paitinní) a d'fhoilsigh an Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO).
- Faisnéis "domhanda" ar phaitinní (Coimriúcháin do phaitinní i mBéarla).
- Cáipéisí Seapánacha i dtaobh paitinní.

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach féidir le cuardach a dhéantar i mbunachar sonraí esp@cenet áit an chuardaigh ghairmiúil a thógáil. Tá an fhaisnéis a sholáthraítear ina chomhartha ar phaitinní a foilsíodh ach níl sí cuimsitheach agus ní féidir an tseirbhís a mheas mar fhoinse iomlán ná an t-aon fhoinse d'fhaisnéis i dtaobh paitinní.

33 Costais i dtaobh Paitinní

Féadfaidh éagsúlacht mhór a bheith ann maidir le costais i dtaobh paitinní. Bíonn ábharthacht ag baint le fachtóirí mar an cineál paitinne atá á iarraidh (m.sh. paitinn ghearrthéarmach nó paitinn do théarma iomlán) agus cibé an bhfuil cosaint á lorg in Éirinn nó thar lear.

Le cois na dtáillí reachtúla a ghearrann na hoifigí náisiúnta paitinne, ní mór do na hiarrthóirí cuimhneamh ar na costais a bhaineann le seirbhísí ghníomhaire paitinne a fhostú, ar féidir le héagsúlacht mhór a bheith eatarthu freisin ag brath ar an méid comhairle agus cúnaimh a lorgaítear.

D'fhéadfadh táillí reachtúla eile a bheith iníoctha ag brath ar fhachtóirí mar an gá le hiarratais a leasú nó na riachtanais ama a fhadú. Lena chois sin, ní foláir táillí bliantúla d'athnuachan paitinne a íoc ón tríú bliain chun paitinn a choimeád in éifeacht.

Tá mionsonraí maidir leis na táillí reachtúla le fáil ar shuíomh gréasáin Oifig na bPaitinní.

Scéim Cúnaimh i leith Aireagáin de chuid Enterprise Ireland

Tá comhairle agus faisnéis ghinearálta maidir le cosaint, forbairt theicniúil agus tráchtálú aireagán ar fáil ó Enterprise Ireland faoin Scéim Cúnaimh i leith Maoin Intleachtúil.

Féadfaidh Enterprise Ireland cúnamh airgeadais a sholáthar i gcásanna faoi leith.

Chun faisnéis bhreise a fháil, déan teagmháil le:

Aonad um Maoin Intleachtúil
Enterprise Ireland
Glas Naíon
Baile Átha Cliath 9
Suíomh gréasáin: **www.enterprise-ireland.com**

Teil: 01- 8082000

Faisnéis ar an Idirlíon i dtaobh Paitinní

www.patentsoffice.ie	Oifig na bPaitinní Éireannacha
www.patent.gov.uk	Oifig Paitinne an Ríocht Aontaithe
www.wipo.org/index.html.en	An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO)
www.bie.nl/engels/index.htm	Oifig Paitinne na hÍsiltíre – Inneall cuardaigh PION (Clárú de dhíth)
www.uspto.gov/patft/index.html	Oifig Paitinne na Stáit Aontaithe, bunachar sonraí inchuardaithe
www.european-patent-office.org	Oifig na bPaitinní Eorpacha

Tá liostaí de sholáthraithe eile de sheirbhísí faisnéise tráchtála, acmhainní agus Aturnaetha Paitinne le fáil faoin teideal 'Links' ar shuíomh gréasáin Oifig na bPaitinní Eorpacha. Tá nasc ann freisin le hinneall cuardaigh an OPE 'ESPACENET'.

www.derwent.co.uk	Soláthraí tráchtála de Chuardach Paitinne agus d'fhaisnéis
www.micropat.com	Soláthraí tráchtála de Chuardach Paitinne agus d'fhaisnéis
www.delphion.com	Inneall cuardaigh de chuid sholáthraithe tráchtála
www.optics.org/research/patents.cfm	Cuardach de bhunachar sonraí IBM i leith Paitinní agus Trádmharcanna.
www.strategis.gc.ca	Oifig Cheanada um Maoin Intleachtúil
www.ipaustralia.gov.au	Paitinní Idirnáisiúnta na hAstráile

Ag Comhlánú Iarratais ar Dheonú Paitinne (Foirm Uimh. 1)

Ba chóir don iarrthóir an cineál paitinne atá á irraidh a thabhairt le fios

Ba chóir don iarrthóir a (h)ainm agus seoladh a comhlánú

Náisiúntach an Iarrthóra (do chríocha staidrimh)

Ba chóir do theideal an aireagáin a bheith gairid agus an t-ábhar lena mbaineann an t-aireagán a thabhairt le fios

Sa chás go bhfuil tosaíocht á éileamh ar iarratas paitinne a comhdaíodh roimhe seo (níl cead ag an iarratas sin a bheith níos sine ná aon bhliain amháin) ní foláir na sonraí a bhaineann leis a chomhlánú anseo

Cuir isteach ainm agus seoladh an duine/na ndaoine a chreidtear a bheith ina n-Aireagóirí ar an aireagán.

FOIRM UIMH. 1.

IARRATAS AR DHEONÚ PAITINNE

ACHT NA bPAITINNÍ, 1992

Iarann an t-iarrthóir/na hiarrthóirí arna n-ainmniú anseo

☐ paitinn a dheonú de bhun Cuid II den Acht

☐ paitinn ghearrthéarmach a dheonú de bhun Cuid III den Acht

i bhfianaise na faisnéise a sholáthraítear thíos.

1. Ainm Iarrthóra/Iarrthóirí
Seoladh

~~Tuaithe/Náisiúntacht~~

2. Teideal an Aireagáin

3. Dearbhú Tosaíochta i bhfianaise iarrata(i)s a comhdaíodh roimhe seo i leith an aireagáin chéanna (Ailt 25 & 26)

Seandáta comhdaithe	Tír i nó thar ceann a comhdaíodh	Uimh. Chomhdaithe

4. Aitheantas ar an/na Aireagóir(í)

Seoladh

AR LEAN THALL

Murab é an t-iarrthóir an t-aon aireagóir ná comhaireagóir an aireagáin, ní mór don iarrthóir a gceart a dhearbhú i ndáil le paitinn a dheonú orthu.

Ba chóir don iarrthóir na míreanna a chuirtear isteach leis an bhfoirm iarratais a thabhairt le fios, lena n-áirítear an táille fhorordaithe i leith comhdú.

Sa chás gur iarratas roinnte de sheaniarratas é an t-iarratas reatha, ní foláir sonraí na seanuimhreach iarratais agus a dháta comhdaithe a thabhairt.

Sa chás go bhfuil seirbhísí ghníomhaire paitinne fostaithe ag an iarrthóir, ba chóir na sonraí a chomhlánú anseo.

Sa chás gur ceapadh gníomhaire glacfar leis an seoladh seo mar an seoladh do gach comhfhreagras. Sa chás nár ainmníodh gníomhaire ar bith ba chóir an seoladh (in Éirinn) do gach comhfhreagras a chomhlánú.

Ní mór don iarrthóir nó don ghníomhaire a ceapadh chun gníomhú thar a gceann an t-iarratas a shíniú agus a dhátú.

5. Ráiteas ar an gceart le paitinn a dheonú (Alt 17(2)(b))

6. Míreanna atá á gcur isteach leis an Iarratas seo – cuir tic más cuí

(i) ☐ Táille fhorordaithe i leith comhdú (€)

(ii) ☐ Sonraíocht le tuairisc agus éilimh

☐ Sonraíocht le tuairisc amháin

☐ Líníochtaí dá ndéantar tagairt sna tuairiscí nó sna héilimh

(iii) ☐ Coimriúchán

(iv) ☐ Cóip den iarrata(i)s roimhe seo dá bhfuil tosaíocht á éileamh ina leith

(v) ☐ Aistriúchán den iarratas roimhe seo dá bhfuil tosaíocht á éileamh ina leith

(vi) ☐ Údarú an ghníomhaire (féadfar é seo a thabhairt ag 8 thíos sa chás gur shínigh an t-Iarrthóir(í) an t-Iarratas seo)

7. Iarrata(i)s Roinnte
Tá an fhaisnéis seo a leanas i bhfeidhm ar an iarratas reatha atá á dhéanamh de bhun Alt 24 –
Uimh. an tSeaniarratais:……..
Dáta comhdaithe: ……...

8. Gníomhaire

Tá an duine ainmnithe thíos údaraithe chun gníomhú mar ghníomhaire i ngach imeacht a bhaineann leis an bpaitinn lena mbaineann an t-iarratas seo a fháil agus maidir le haon phaitinn a dheonaítear –

Ainm **Seoladh**

9. Seoladh don tSeirbhís (má tá sé difriúil ón seoladh ag 8)

Sínithe Ainm(neacha):
Cáil (sa chás gur comhlacht corparáideach é an t-iarrthóir):
Dáta

Is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifig na bPaitinní ag:

Oifig na bPaitinní
Tithe an Rialtais
Bóthar Hebron
Cill Chainnigh

Teil: 056 –7720111
Lóghlao 1890-220223 (laistigh d'Éirinn)
Facs: 056 – 7720100
Lóghlao faics 1890-220120 (laistigh d'Éirinn)

R-phost: patlib@entemp.ie

Tá Oifig Faisnéise ag Oifig na bPaitinní i mBaile Átha Cliath atá suite ag:

Urlár talún,
Ionad Earlsfort,
Sráid Haiste Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: 01-6312121
Lóghlao: 1890-220222
Facs: 01- 6312551

R-phost: patdub@entemp.ie

Suíomh Gréasáin Oifig na bPaitinní: www.patentsoffice.ie

Bíonn Oifig na bPaitinní ar oscailt don Phobal ó 9.45 r.n. go dtí 4.15 i.n., am lóin san áireamh.